Sa dara leath de 2022, chaitheamar go leor ama ag plé le hiarratasóirí parúil agus príosúnaigh incháilithe. Chomh maith le faisnéis a dháileadh faoin bparúl, thugamar cuairt ar phríosúin ar fud eastát na bpríosúin, agus bhuaileamar le hiarratasóirí, agus príosúnaigh eile ar gearradh pianbhreith shaoil orthu, chun an próiseas parúil a phlé agus a mhíniú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Seirbhís Phríosúin na hÉireann as na cuairteanna agus na cruinnithe sin a éascú, ar cuid luachmhar iad dár bplé le hiarratasóirí, agus a mbeadh ár gcuid oibre i bhfad níos deacra dá n-uireasa.

Chomh fada agus a bhaineann sé le cinntí parúil a dhéanamh, ní bheadh an obair idir lámha againn indéanta murach obair seirbhísí amháil an tSeirbhís Phromhaidh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann (lena n-áirítear an IPS tSeirbhís Síceolaíochta), an Garda Síochána agus an tSeirbhís Cúirteanna. Braithimid ar an eolas agus ar na tuairiscí a fhaighimid ó gach ceann de na seirbhísí seo, agus go leor eile.



Oibríomar le gach ceann de na gníomhaireachtaí sin chun caidreamh láidir oibre, prótacail thuairiscithe agus malartú réidh faisnéise a fhorbairt. Ní bheadh próiseas parúil neamhspleách, cothrom agus pras indéanta murach obair agus tiomantas na ngníomhaireachtaí sin agus na ngairmithe atá ag obair iontu.

Ar fud na seirbhíse poiblí, is dúshlán é acmhainní a fháil agus a chur ar fáil. Cé go bhfuil maoiniú i bhfad níos mó ag an mBord Parúil reachtúil ná mar a bhí ag a réamhtheachtaí, beidh níos mó acmhainní ag teastáil uainn. Go háirithe, is ábhar imní agus riosca don Bhord Parúil é oibriú gan córas bainistíochta cásanna. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt i rith 2023 chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar an mbearna sin agus chun a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha agus cuí ar fáil chun cur ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Bhí Covid-19 fós ag cur isteach ar ár gcuid oibre i rith 2021-2022. De réir mar a thosaíomar ag teacht amach as an bpaindéim, dhíríomar ar fhoghlaim ón méid a d'oibrigh le linn na tréimhse dúshlánaí sin agus ar an méid sin a choinneáil. Lean an fhoireann de bheith ag obair go cianda ar dtús, agus ina dhiaidh sin ar bhonn hibrideach. Chuir an teicneolaíocht ar ár gcumas plé leis na seirbhísí ar fad le linn an ama sin agus bhí roinnt buntáistí ag baint léi. Mar sin féin, baineann go leor dár gcuid oibre tairbhe as plé duine le duine a dhéanamh agus bhíomar in ann plé níos éasca a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir de réir mar a tháingamar amach diaidh ar ndiaidh as cúinsí éigeandála na paindéime.

Tá an obair a dhéanann an Bord Parúil deacair, casta agus dúshlánach, agus ní mór di a bheith – táimid ag déanamh cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shábháilteacht an phobail, agus ar shaol iarratasóirí agus íospartach.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Cathaoirleach an Bhoird Parúil, an Breitheamh Michael White, chomh maith lena chomhchomhaltaí boird as a gcabhair agus a dtacaíocht le linn chéim 'nuathionscanta' an Bhoird Parúil reachtúil. Léiríonn siad díograis agus tiomantas ollmhór chun próiseas parúil cothrom agus cóir a chinntiú, ar gné thábhachtach agus chriticiúil dár gcóras ceartais é.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Rúnaíocht freisin – ní obair éasca a dhéanaimid, bíonn dúshlán agus deacracht ag baint léi uaireanta. Léiríonn mo chomhghleacaithe tiomantas, comhbhá agus gairmiúlacht ina gcuid oibre ó lá go lá chun a chinntiú go n-éistear le hiarratasóirí agus le híospartaigh agus go léirítear meas orthu le linn an phróisis parúil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hiarratasóirí agus leis na híospartaigh a chuir a muinín ionainn - mar bhord parúil neamhspleách a bhfuil sé de chúram air an pobal a chosaint, a chaitheann go cothrom le hiarratasóirí, agus a éistean le híospartaigh.



Ciairín de Buis
Príomhfheidhmeannach



Ciairín de Buis
Príomhfheidhmeannach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Bord Parúil faoi choimirce an Aire Dlí agus Cirt agus bunaíodh é ar an 31 Iúil 2021 faoi alt 8 d'Acht Parúil 2019 ("an tAcht").

Tagann sé in ionad an iar-Bhoird Parúil Eatramhaigh neamhreachtúil, a raibh sé mar aidhm aige iarratais ar pharúl a bhreithniú agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt lena gcinneadh.

Tá an Bord Parúil nua neamhspleách go reachtúil ina chinnteoireacht. Faoi láthair, breithníonn sé iarratais ar pharúl ó phríosúnaigh a bhfuil pianbhreitheanna saoil á gcur isteach acu a luaithe a bheidh 10 mbliana go leith ar a laghad dá bpianbhreith curtha isteach ag na daoine sin. De réir an dlí, ní mór 12 bhliain ar a laghad dá bpianbhreith shaoil a bheith curtha isteach ag duine sular féidir parúl a thabhairt dóibh.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas, breithníonn an Bord Parúil tosca lena n-áirítear:

- an riosca don phobal;
- athshlánú an iarratasóra;
- an bhfuil sé iomchuí iad a scaoileadh ar parúl.

Faoin Acht Parúil, tá sé de cheart anois ag íospartaigh páirt a ghlacadh sa phróiseas parúil.

Chomh maith leis na feidhmeanna atá leagtha amach thuas, foráiltear le halt 9 den Acht:

- (a) go soláthródh an Bord faisnéis do dhaoine a bhfuil pianbhreitheanna príosúnachta á gcur isteach acu, d'íospartaigh agus do dhaoine den phobal i ndáil lena fheidhmeanna,
- (b) go soláthródh an Bord faisnéis don Aire i ndáil lena fheidhmeanna agus go gcuirfeadh sé moltaí faoi bhráid an Aire, arna iarraidh sin dó nó dí, chun cabhrú leis nó léi beartas a chomhordú agus a dhéanamh a bhaineann le daoine a scaoileadh saor ó phríosún ar parúl, agus
- (c) go bhféadfadh an Bord tabhairtfaoi thionscadail thaighde agus faoi ghníomhaíochtaí eile bainteach le daoine a scaoileadh saor ar parúl ó phríosún, nó iad a choimisiúnú nó cabhrú leo, más tionscadail iad a d'fhéadfadh, dar leis an mBord, a bheith cabhrach i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire a thagann ó na dtionscadail nó ó na gníomhaíochtaí sin.

Ráiteas Misin, Luachanna agus Físe

Ár Ráiteas Misin

“Parúl neamhspleách a chosnaíonn an pobal, a chaitheann go cothrom le hiarratasóirí parúil, agus a éistean le híospartaigh.”



Ár mBunluachanna

- i. Tugaimid cothrom na féinne agus déanaimid tréaniarracht a bheith neamhclaonta maidir le gach a ndéanaimid;
- ii. Taimid inrochtana agus sochaideartha, agus tá meas againn ar mhianta agus ar ábhair imní gach duine lena mbímid ag plé;
- iii. Táimid neamhspleách agus tá ár gcinnteoireacht bunaithe ar fhianaise;
- iv. Déanaimid ár ndícheall an pobal a chosaint inár gcuid oibre;
- v. Táimid freagrach agus oibrímid le gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.



Ár Ráiteas Físe

“Déantar íospartaigh agus iarratasóirí parúil a mheas, éistear leo agus léirítear meas orthu, agus déantar gach cinneadh ar bhealach cothrom agus neamhchlaonta.”



Struchtúr an Bhoird Parúil

Faoi alt 10 den Acht Parúil, 2019, ní bheidh níos lú ná 12 chomhalta ar an mBord agus líon nach mó ná 15 chomhalta air agus is é an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird.

Áirítear ar bhallraíocht an Bhoird ainmnithigh an Phríomh-Bhreithimh, Chomhairle Ghinearálta Bharra na hÉireann, Dhlí-Chumann na hÉireann, Coláiste Síciatraithe na hÉireann, Cumann Síceolaíochta Éireann, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Choimisinéir an Gharda Síochána, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Tá foráil ann freisin d'ionadaí ó Eagraíocht Neamhrialtasach (ENR) a dhéanann speisialtóireacht ar abhcóideacht ar son cearta daoine a bhfuil téarmaí príosúnachta á gcur isteach acu i bpríosúin nó ar son dálaí i bpríosúin a fheabhsú, agus duine/daoine eile a bhfuil taithí agus saineolas a dhóthain acu ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird.

Amhail an 31ú Nollaig 2022, bhí 12 chomhalta ar an mBord Parúil agus an Cathaoirleach, Michael White.

Thionóil an Bord a chéad chruinniú i Meán Fómhair 2021, agus lean sé ar aghaidh ag teacht le chéile go míosúil ar a laghad ina dhiaidh sin (seachas Lúnasa 2022).

Cothromaíocht Inscne

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí cúigear (42%) ban agus seachtar (50%) fear ina mbaill den Bhoird. Mar sin de, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais chun ionadaíocht íosta de 40% ar gach inscne i gcomhaltas Bhoird an Stáit a bhaint amach.

Is fear é an Cathaoirleach.

Cathaoirleach

Michael White

Príomhfheidhmeannach

Ciairín de Buis

Board members

Dr Shaon Lambert

Uas Kieran Kenny

Uas Paul Murphy

An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne *

Uas Ann Reade

Dr Shane McCarthy

Dr Patrick Devitt

Dr Laura Mannion

Uas Sinéad McMullan, BL

Uas Andrew Brennan

Uas Leah McCormack

Uas Paddy Richardson

An tArd-Cheannfort Brian Sugrue

Uas Dolores Courtney**

* D'éirigh Pádraig Dunne as an mBord i mí Feabhra 2023 agus tháinig Brian Sugrue ina áit.

** D'éirigh Dolores Courtney as an mBord i mí Feabhra 2022 agus tháinig Andrew Brennan ina háit.

Coistí

Tá dhá Fhochoiste de chuid an Bhoird ann faoi láthair.

Bhunaigh an Bord Parúil Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) i mí an Mhárta 2022. Is iad Shane McCarthy (Cathaoirleach an choiste), Paddy Richardson agus comhalta den Choiste Seachtrach, Noella Carroll, comhaltaí an Choiste. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2022.


Bhunaigh an Bord Fochoiste um Rannpháirtíocht Íospartach freisin. Is iad Laura Mannion, Michael White, Sharon Lambert agus Kieran Kenny comhaltaí an Choiste. Tháinig an Coiste sin le chéile trí huaire in 2022.

Bhunaigh an Bord Fochoiste um Rannpháirtíocht Íospartach freisin. Is iad Laura Mannion, Michael White, Sharon Lambert agus Kieran Kenny comhaltaí an Choiste. Tháinig an Coiste sin le chéile trí huaire in 2022.

Rúnaíocht an Bhoird Parúil

Faigheann an Bord Parúil tacaíocht ó fhoireann na Rúnaíochta a fheidhmíonn thar dhá fheidhm: Oibríochtaí agus Gnóthaí Corparáideacha. Amhail an 31ú Nollaig 2022, bhí 20 ball foirne ann (19.3 i gCoibhéis Lánaimseartha). Tá sé sin le méadú go dtí 23 in 2023.

Struchtúr Eagraíochta



Comhlíonann an Rúnaíocht réimse leathan dualgas chun cur ar chumas an Bhoird a ndualgais a chomhlíonadh de réir Acht Parúil 2019, lena n-áirítear iad seo a leanas:

Foireann Oibríochtaí

- Dualgais Rúnaíochta a sholáthar don Bhord
- Miontuairiscí a scríobh ag cruinnithe an Bhoird
- Cruinnithe parúil a sceidealú
- Cúnamh dlíthiúil a shocrú d'íospartaigh agus d'iarratasóirí parúil
- Cinntí, fógraí, cúlghairmeacha, Orduithe Parúil/athruithe a bhainistiú
- Miontuairiscí a scríobh ag cruinnithe d'íospartaigh agus d'iarratasóirí parúil
- Idirchaidreamh d'íospartaigh.

An Fhoireann Gnóthaí Corparáideacha

- Rialachas Corparáideacha
- Cumarsáid
- Tuairisciú airgeadais
- Cosaint Sonraí
- Bainistíocht oifige
- Comhlíonadh an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chinntiú.

An bealach ina n-oibríonn an Bord Parúil:

Fáiltíonn an Bord roimh iarratais ar pharúl ó dhaoine a bhfuil ar a laghad 10 mbliana go leith dá bpianbhreith shaoil curtha isteach acu.

De réir an dlí, ní mór 12 bhliain ar a laghad dá bpianbhreith shaoil a bheith curtha isteach ag duine sular féidir leis an mBord iarratas ar pharúl a dheonú nó a dhiúltú.

De bhun Alt 13 den Acht Parúil 2019, féadfaidh an Bord scríobh chuig na seirbhísí ábhartha agus a ordú go n-ullmhófaí tuairiscí i scríbhinn a bhaineann leis an duine ábhartha. Is féidir tuairiscí a iarraidh ar an duine atá i gceannas ar an ionad/institiúid ina bhfuil an duine faoi choinneáil, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ó Sheirbhís Síceolaíochta SPE, ón tSeirbhís Phromhaidh, ón nGarda Síochána, ó shíciatraí, ó shíceolaí agus ó aon fhoinse eile a mheasann an Bord a bheith iomchuí sa chás.

Agus iarratas parúil á bhreithniú, is féidir leis an mBord:

- bualadh le híospartach ábhartha chun éisteacht leis an íospartach go díreach nó trína ionadaí dlíthiúil nó trína hionadaí dlíthiúil agus/nó
- aighneachtaí i scríbhinn a fháil ó íospartach ábhartha go díreach nó trína ionadaí dlíthiúil nó trína hionadaí dlíthiúil.

Tionóltar cruinnithe le híospartaigh ar leithligh ó chruinniú an Bhoird leis an iarratasóir parúil.

Cuirtear cúnamh dlí ar fáil don iarratasóir parúil agus don íospartach.

Déantar iarratais ar pharúl a athbhreithniú ag cruinnithe den mBord Parúil iomlán.


Príomhspríocanna ó bhunú

- ✓ Bunú foirmiúil an Bhoird ar an 31ú Iúil 2021
- ✓ Ceapadh Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird ar an 10ú Lúnasa 2021
- ✓ Ceapachán POF Eanáir 2022
- ✓ Bunú Painéil um Chúnamh Dílthiúil
- ✓ Nósanna imeachta forbartha agus glacadh leo
- ✓ Creat íospartach i bhfeidim
- ✓ Struchtúir Rialachais Chorporáidigh a chur i bhfeidhm
- ✓ Suíomh gréasáin an Bhoird Parúil, bileog
- ✓ Plé le híospartaigh agus feachtas faisnéise a chur i bhfeidhm
- ✓ Aistriú go dtí áitreabh nua
- ✓ 10 seisiún eolais sna príosúin
- ✓ Tús curtha le cruinnithe d'íospartaigh
- ✓ Tús curtha le hathbhreithnithe ar iarratais pharúil

Sracfhéachaint ar na phríomhstaitisticí

Is beag staitistic is féidir a thabhairt toisc nach bhfuil córas bainistíochta cásanna ag an mBord Parúil. Tá an Bord Parúil i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin mar ábhar tosaíochta.


BOARD



CÚNAMH DLÍTHIÚIL:



ÍOSPARTAIGH



IARRATASÓIRÍ



AG DEIREADH 2022



Príomhspríocanna

Le linn a phróisis pleanála straitéisí (atá le críochnú in 2023), d'aithin an Bord Parúil cúig príomhspríoc chun ár modh oibre a chódú.

SPRÍOC 1

“Cinntí neamhspleácha, ardchaighdeáin, neamhchlaonta a dhéanamh go pras.”



SPRÍOC 2

“Aird an phobail a tharraingt ar ról an Bhoird Parúil agus tuiscint níos fearr a chothú ina thaobh.”



SPRÍOC 3

“Cur ar chumas an Bhoird agus na foirne oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach.”



SPRÍOC 4

“Bheith chomh cuntasach, oscailte agus trédhearcach inár gcuid oibre, agus is féidir.”



SPRÍOC 5

“Na struchtúir rialachais agus eagraíochtúla riachtanacha a thógáil agus a chothú chun ár ról a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.”



Dul Chun Cinn maidir le Cuspóirí agus Spriocanna

1. Cinntí neamhspleácha, ardchaighdeáin, neamhchlaonta a dhéanamh go pras

- ✓ Faoin 31 Nollaig 2022, bhí comhaltaí an Bhoird Parúil teacht le chéile 17 n-uaire ó bunaíodh é i mí Iúil 2021.
- ✓ Ar an 31ú Nollaig 2022, bhí 247 príosúnach ag cur pianbhreitheanna isteach a bhí i dteideal iarratas a dhéanamh ar pharúl, agus 223 acu tar éis iarratas a dhéanamh.
- ✓ Amhail an 31ú Nollaig, rinne an Bord cinntí maidir le 22 iarratas parúl. Eisíodh 11 de na cinntí sin agus tugadh na 11 chinneadh eile a rinne an Bord i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2022 chun críche agus eisíodh iad i mí Eanáir 2023. Ligeadh amach duine amháin ar parúl in 2022.
- ✓ Amhail an 31ú Nollaig 2022, chuaigh an Bord i dteagmháil le 291 íospartach in 105 iarratas ar pharúl.
- ✓ Faoin Acht Parúil 2019, bíonn rochtain ag íospartaigh agus iarratasóirí parúil araon ar ionadaíocht dhlíthiúil. Tá Scéim um Chúnamh Dlíthiúil bunaithe ag an mBord Parúil agus bhunaigh sé painéal chun an cúnamh dlí sin a chur ar fáil.

2. Aird an phobail a tharraingt ar ról an Bhoird Parúil agus tuiscint níos fearr a chothú ina thaobh

- ✓ Seoladh feachtas faisnéise ‘Baineann Tábhacht le Mo Thuairim/Baineann Tábhacht le Do Thuairim’ d’íospartaigh i mí na Samhna 2022.
- ✓ Mar chuid dár gcumarsáid le hiarratasóirí parúil, in 2022, reáchtáil comhaltaí an Bhoird Parúil 10 seisiún eolais sna príosúin ábhartha ar fud na tíre, agus bhuail siad le príosúnaigh shaoil/grúpaí príosúnach saoil.
- ✓ Chuaigh suíomh gréasáin an Bhoird Parúil www.gov.ie/paroleboard ar líne in 2021.
- ✓ Bileoga eolais seolta chuig gach príosún.
- ✓ Plé le páirtithe leasmhara.

3. Cur ar chumas an Bhoird agus na foirne oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach

- ✓ Cuireadh réimse oiliúna ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint tráma, feasacht ar mhíchumas, feasacht ar uathachas, cosaint sonraí agus gnáth-Bhéarla.
- ✓ Seisiún eolais ar Rialachas arna sholáthar don Bhoird ag an bhForas Riaracháin (FR)
- ✓ “Scáthoiliúint” do bhaill nua an Bhoird
- ✓ Leanfaimid dár dtacaíochtaí don fhoireann agus do chomhaltaí an Bhoird a fhorbairt – d’fhéadfadh obair an Bhoird Parúil cur isteach agus goilleadh go mór ar dhaoine.

4. Bheithchomh cuntasach, oscailte agus

trédhearcach inár gcuid oibre, agus is féidir
Tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos ag an mBord dó féin.

- ✓ Nuair a fhaighimid fógra ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann faoi iarratasóirí incháilithe, tá sé mar aidhm againn na daoine sin a chur ar an eolas laistigh de 15 lá oibre.
- ✓ Tá sé mar aidhm againn 100% de chinntí an Bhoird a chur in iúl d’iarratasóirí laistigh de 21 lá. Cuireadh 50% in iúl laistigh den amlíne sin in 2022.
- ✓ Tá sé mar aidhm againn cinntí an Bhoird a chur in iúl d’íospartaigh chláraithe laistigh de 21 lá. Níorbh fhéidir an sprioc-am sin a bhaint amach in 2022 mar gheall ar shonraí sonracha a bhain le cásanna áirithe agus an gá a bhí le comhairle dlí a fháil. Tá súil ag an mBord Parúil spriocanna 2023 a bhaint amach sa réimse seo.
- ✓ Tá sé mar aidhm againn gach ríomhphost/comhfhreagras a fhaightear a admháil laistigh de 5 lá oibre.

5. Na struchtúir rialachais agus eagraíochtúla riachtanacha a thógáil agus a chothú chun ár ról a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil

- ✓ Mar chomhlacht nuabhunaithe, tá beartais agus cleachtais curtha i bhfeidhm ag an mBord lena chinntiú go bhfuil creat láidir rialachais i bhfeidhm agus go gcloítear leis de réir Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.
- ✓ Forbraíodh agus glacadh le Beartais Cosanta Sonraí, Beartais um Nochtadh Cosanta, Beartais um Sholáthar, próisis Bhainistíochta Riosca.
- ✓ Rinneadh plé le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar chuid dá bpróiseas iniúchta.
- ✓ Comhaontuithe um Chomhroinnt sonraí curtha i bhfeidhm leis na páirtithe leasmhara ábhartha.
- ✓ Dréachtadh agus glacadh Coinníollacha Ginearálta do gach Ordú Parúil
- ✓ Dréachtadh prótacail chun daoine ligthe amach ar pharúl sa phobal a bhainistiú.

Forléargas ar chomhlíonadh agus rialachas

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Lúnasa 2016). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Amhail an 31 Nollaig 2022, chloígh an Bord Parúil leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú leis na heisceachtaí seo a leanas:

1. Níor bhunaigh an Bord feidhm Iniúchta Inmheánaigh in 2022, ach tá an Bord le hiniúchadh ag Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt i Ráithe 1 de 2023.
2. Bhí Pleananna Bliantúla agus Straitéiseacha fós idir lámha ag an am sin.

Feidhmíocht a bhaint amach agus a mhaoirsiú

I mí Aibreáin 2022, shínigh an Bord Parúil Comhaontú Formhaoirseachta 2022-2024 leis an Roinn Dlí agus Cirt (a Roinn Líne) agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2022 de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta an creat leathan rialachais agus cuntasachta riaracháin ina bhfeidhmíonn an Bord Parúil agus sainítear ann na príomhróil reachtúla agus riaracháin, freagrachtaí agus gealltanais atá mar bhonn faoin gcaidreamh idir an Bord Parúil agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an Bord Parúil beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus coinníonn sé Clár Rioscaí, de réir threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a choinnítear ar bhonn leanúnach. Tá coinneáil an chláir ceaptha chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go gcuirtear gníomhartha maolaitheacha riachtanacha i bhfeidhm, nuair is gá. Is é an Ceann Gnóthaí Corparáideacha a thiomsaíonn an clár rioscaí agus déanann an Bhainistíocht agus an Coiste AIRR athbhreithniú míosúil air ag a chruinnithe agus ag an mBord iomlán. Tá Tuarascáil Bhliantúil an Choiste AIRR ar fáil in Aguisín 3.

Príomhríosaí in 2021 agus 2022 agus bearta maolaithe

Aithint agus rannpháirtíocht íospartach

Tá dúshlán mór ag baint lenár bpróiseas rannpháirtíochta d'íospartaigh i gcónaí agus é ina riosca don Bhord Parúil.

Níl aon Chlár d'íospartaigh na Coireachta Tromchúisí in Éirinn agus is léir gur dúshlán suntasach don Bhord Parúil é sonraí teagmhála d'íospartaigh a aithint agus a aimsiú.

Feachtas faisnéise d'íospartaigh

I mí na Samhna 2022, sheol an Bord Parúil feachtas faisnéise chun íospartaigh na coireachta tromchúisí a chur ar an eolas faoin gceart atá acu cead cainte a bheith acu sa phróiseas parúil agus iarraidh orthu a machnamh a dhéanamh faoi dhul i dteagmháil leis an mBord chun an ceart sin a fheidhmiú.

Bhí fógraí i réimse nuachtán náisiúnta agus áitiúil, taispeántas digiteach, chomh maith le fógra 30 soicind ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla agus podchraoltaí mar chuid den fheachtas.


Is iad na híospartaigh a bhfuil sé de cheart acu cead cainte a bheith acu sa phróiseas parúil ná íospartaigh a d'fhulaing coireanna tromchúiseacha – nó daoine muinteartha leo, má fuair an t-íospartach bás - más amhlaidh, de dheasca na coire sin, go bhfuil pianbhreith shaoil á cur isteach ag duine.

Is é is cuspóir leis an bhfeachtas faisnéise a chur ar a súile d'íospartaigh go bhfuil cead cainte acu sa phróiseas parúil.

Córas Bainistíochta Cásanna

Tá an Bord Parúil ag feidhmiú faoi láthair gan córas feidhmiúil bainistíochta cásanna. Is mír riosca ardleibhéil é sin don Bhord agus tá roghanna chun dul i ngleic leis á bhfiosrú leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Soláthar foirne agus acmhainní

 an Bord Parúil ag feidhmiú gan a chion iomlán de bhaill foirne. Is iad Acmhainní Daonna na Roinne Dlí agus Cirt a dhéanann acmhainní a chur ar fáil don Rúnaíocht an Bhoird Parúil agus tá an Bord ag obair go dlúth leo chun folúntais a líonadh.

Leanfaidh an Bord lenár dtacaíochtaí don fhoireann agus do chomhaltaí an Bhoird a fhorbairt toisc ó tharla gur féidir le hobair an Bhoird Parúil cur isteach agus goilleadh go mór ar dhaoine.

Tuairisciú Corparáideach

Nochtadh faoi Chosaint

In 2022, bhunaigh an Bord Parúil beartas agus nósanna imeachta dá fhoireann lena bhféadfaidís nochtadh a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní raibh aon nochtadh ann in 2021 ná in 2022.

Coinbheacht Leasa

Coinníonn Rúnaí an Bhoird Parúil clár de choimhlintí leasa a nochtann comhaltaí an Bhoird iad.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 11 choimhlint leasa ann maidir le cásanna aonair a nochtadh don Rúnaí.

Sa chás go nochtar coimhlint leasa, fanfaidh comhaltaí an Bhoird glan ar aon phlé agus ní léifidh siad aon cháipéisíocht a bhaineann leis an duine aonair lena mbaineann.

Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Leagann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn don fhoireann agus do dhaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí agus cearta daonna na foirne agus na bpáirtithe leasmhara a chosaint. Aithníonn an Bord Parúil an dualgas sin agus tá sé dúthrachtach i leith é a chur i bhfeidhm go hiomlán. Bhí an Bord aireach ar an dualgas sin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna in 2022, go háirithe maidir le déileáil le híospartaigh agus le hiarratasóirí parúil.

Feidhmíonn an Bord Parúil i gcomhréir le dlí na hÉireann, na hEorpa agus dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus cuireann sé comhionannas agus cearta an duine chun cinn trínár mbeartais agus ár gcleachtais.

Sláinte agus sábháilteacht

Bunaíodh an Bord Parúil i mí Iúil 2021, le linn phaindéim Covid-19. Cé go raibh dúshlán ag baint leis d'eagraíocht nua, léirigh comhaltaí Boird agus baill foirne teacht aniar agus dúthracht i leith leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre go sábháilte agus cloí le treoirínte náisiúnta ag an am céanna. Filleadh ar an oifig ar bhonn céimnithe le huainchláir foirne agus bearta scartha shóisialta i bhfeidhm.

Is ceist ríthábhachtach iad sláinte agus folláine ár bhfoirne agus mar gheall ar nádúr na hoibre tá seirbhís chomhairleoireachta ar fáil do gach ball foirne.

Úsáid fuinnimh

Tá Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ainmnithe (OFF ag an mBord Parúil ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh.

Go dtí mí na Nollag 2022, bhí an Bord Parúil lonnaithe i gcóiríocht shealadach i bhfoirgneamh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt i Sráid Hanover, Baile Átha Cliath agus dá réir sin níl aon sonraí idithe fuinnimh ar fáil don tuarascáil seo.

Bhog an Bord Parúil go cóiríocht oifige nua i bhFoirgneamh Chéipil i mí na Nollag 2022 agus beidh sé in ann tuairisciú go neamhspleách ó 2023 ar aghaidh maidir lena úsáid fuinnimh.

Tá an Bord ar an eolas faoi Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí a sholáthraíonn an creat chun an sprioc d'fheabhsú éifeachtúlachta a bhaint amach ag comhlachtaí poiblí uile na hÉireann. Féachfaidh an Bord Parúil chuige go bhfeidhmeoidh sé chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh fuinnimh de.

Comhlíonadh Cosanta Sonraí

Tá an Bord Parúil an-dáiríre faoina fhreagracht maidir le slándáil faisnéise agus príobháideachas agus a chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht ábhartha. Ó cheann ceann 2022, d'oibrigh an Bord Parúil chun a chinntiú go gcomhlíonadh an eagraíocht go hiomlán ceanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Leanann an Bord Parúil de bheartais, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt a bhfuil béim mhór acu ar fheasacht agus oiliúint foirne agus a dhíríonn ar chomhlíonadh cheanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú.

Iarrataí ar rochtain ó ábhair shonraí

Iarrataí ar rochtain ó ábhair shonraí	Líon
Faighte	3
Deonaithe	3
Diúltaithe	0

Saoráil Faisnéise (SF)

Leanann an Bord Parúil lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarratais Shaorála Faisnéise (SF) agus iarrataí ar rochtain ó Ábhair Shonraí.

Iarratais Shaorála Faisnéis

An cineál iarratais a fuarthas	Líon na n-iarratas	Diúltaíodh don iarratas	Géilleadh don iarratas
Duine den phobal	1	1*	0

*Diúltaíodh don iarratas saorála faisnéise faoi alt 15 (1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Sárúithe ar Shonraí

Sárúithe ar sonraí 2021	0
Sárúithe ar sonraí 2022	2 Ní raibh ceachtar den dá cheann intuairiscithe don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Cuireadh na daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas.

Ceisteanna Parlaiminte

2021	0
2022	1

Cairt Custaiméirí

Tá Cairt Seirbhísí Custaiméirí an Bhoird Parúil ar fáil ar a láithreán gréasáin, www.gov.ie/paroleboard. Leagtar amach inti na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leo a fháil uainn. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gcairt seirbhísí custaiméirí in 2021 ná in 2022.

Faoi chiorclán 25/2016, ní mór do Chomhlachtaí Stáit faoi choimirce Ranna Rialtais seoladh ríomhphoist tiomnaithe a sholáthar agus a choinneáil do chomhaltaí an Oireachtais. Is é seoladh ríomhphoist tiomnaithe an Bhoird Parúil chun na críche sin ná: oireachtasqueries@paroleboard.gov.ie

Bainistíocht airgeadais agus caiteachas

Gach bliain, cuirtear soláthar airgeadais ar fáil d'fheidhmiú an Bhoird Parúil tríd an Roinn Dlí agus Cirt.

2021 (31st Iúil- 31st Nollaig 2021)	Buiséad €	Caiteachas €	Athraitheas €
IOMLÁN	1,331,000*	253,833	719,793

*Áirítear leis an leithdháileadh sin caiteachas €357,374 a rinne an Bord Parúil Eatramhach in 2021. Ba é caiteachas an Bhoird Parúil reachtúil idir 1 Lúnasa 2021 agus 31ú Nollaig 2021 ná €253,833.

2022	Budget €	Expenditure €	Variance €
PÁ	943,000	799,000	144,000
NEAMHPHÁ	799,000	671,000	128,000
IOMLÁN	1,742,000	1,470,000	272,000

Tá na Ráitis Airgeadais ón 31 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2021 in Aguisín 4.

Rialú Inmheánach Airgeadais

Cinntíonn an Bord Parúil go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht sin forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí go pras iad. Is próiseas leanúnach é slacht a choimeád ar chóras de rialuithe inmheánacha airgeadais, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtacht. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Parúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Bainistiú Buiséid

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Gnóthaí Corparáideacha buiséad bliantúil bunaithe ar riachtanais oibríochtúla agus forbartha an Bhoird agus cuireann siad faoi bhráid an Choiste AIRR é lena athbhreithniú. Molann an Coiste AIRR don Bord Parúil an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Cuirtear de chúram ar an bPríomhfheidhmeannach freagrachtaí laethúla i leith caiteachas a bhainistiú laistigh de na teorainneacha buiséid.

Iniúchadh Inmheánach

Ós rud é go maoinítear an Bord faoi fhocheannteideal den Vóta Dlí agus Cirt, cuireann Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach (AII) na Roinne Dlí agus Cirt tacaíocht ar fáil don Bhord chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a shocruithe maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Cuireann Foireann Iniúchóireachta na Roinne tacaíocht ar fáil chun leasanna an Rialtais agus páirtithe leasmhara eile a chosaint trína fhíorú go bhfuil rialuithe inmheánacha agus nósanna imeachta tuairiscithe gnó/airgeadais cúí i bhfeidhm.

Soláthar

Déanann an Bord Parúil soláthar bunaithe ar dheachleachtas de réir phrionsabail reachtaíocht soláthair an AE agus na hÉireann agus cloíonn sé le Treoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR).

Baineann an Bord Parúil leas as conarthaí bainistithe láraithe atá curtha i bhfeidhm ag an OSR.

Níor sháraigh an Bord Parúil rialacha soláthair aon uair ar cheannaigh sé rud éigin in 2021 ná in 2022.

Aguisín 1: Tinreamh ag na cruinnithe boird i gcás gach bail

Tá 13 chomhalta ar an mBord de bhun Alt 10(3) den Acht Parúil 2019. Fónann na comhaltaí tofa ar an mBord ar feadh tréimhse 2 nó 4 bliana. Sonraítear san Acht Parúil go mbeidh seachtar de chomhaltaí an Bhoird a céadcheapadh ar an mBord i seilbh oifige ar feadh téarma dhá bhliain ó dháta a gceaptha.

Tháinig an Bord le chéile 4 huairé in 2021 agus 13 huairé in 2022.

Comhaltaí	Dáta an Cheapacháin	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu 2021	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu 2022
Cathaoirleach Michael White	10ú Lúnasa 2021	4	13
Ms Sinéad McMullan BL	10ú Lúnasa 2021 2021	3	12
Dr Shane McCarthy	10ú Lúnasa 2021	4	12
Dr Patrick Devitt	10ú Lúnasa 2021	4	12
Dr Laura Mannion	10ú Lúnasa 2021	4	13
Dr Sharon Lambert	10ú Lúnasa 2021	4	12
UasPaul Murphy	10ú Lúnasa 2021	3	13
Uas Dolores Courtney	10ú Lúnasa 2021	4	1*
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne	10ú Lúnasa 2021	4	11
UasLeah McCormack	10ú Lúnasa 2021	3	12
Uas Paddy Richardson	10ú Lúnasa 2021	4	12
Uas Ann Reade	10ú Lúnasa 2021	4	12
Uas Kieran Kenny	10ú Lúnasa 2021	4	12
Uas Andrew Brennan (a tháinig in ionad Uas Dolores Courtney)	02 Meitheamh 2022	N/B	7

*D'éirigh Uas Dolores Courtney as ar an 15ú Feabhra 2022.

Fochoistí

In 2022, bhunaigh an Bord dhá fhochoiste, an Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) agus an Fochoiste um Rannpháirtíocht Íospartach. Freastalaíonn Príomhfheidhmeannach an Bhoird agus baill foirne ábhartha na Rúnaíochta ar na cruinnithe coiste sin freisin.

Is iad baill an Choiste AIRR ná an Dr Shane McCarthy (Cathaoirleach), Paddy Richardson agus Uas Noella Carroll (comhalta seachtrach). Tionóladh 5 chruinniú AIRR in 2022.

Tinreamh	Cruinnithe an Choiste AIRR ar Freastalaíodh Orthu in 2022
Dr Shane McCarthy	5
Uas Paddy Richardson	5
Uas Noella Carroll	2 (de 3 chruinniú de bharr a dáta ceapacháin chuig an gCoiste)

Is iad comhaltaí an Fhochoiste um Rannpháirtíocht Íospartach ná an Dr Laura Mannion, an Cathaoirleach Michael White, an Dr Sharon Lambert agus Uas Kieran Kenny. Tháinig an Coiste le chéile 3 huairé in 2022.

Tinreamh	Cruinnithe an Fhochoiste um Rannpháirtíocht Íospartach ar Freastalaíodh Orthu in 2022
Cathaoirleach Michael White	3
Dr Laura Mannion	3
Uas Kieran Kenny	3
Dr Sharon Lambert	1

Aguisín 2: Táillí comhaltaí boird agus costais eile

In 2022, íocadh na táillí agus na costais seo a leanas le comhaltaí an Bhoird agus an Choiste AIRR

Comhaltaí	Táille* (€)	Choiste (€)
Cathaoirleach Michael White	20,993	-
Uas Sinéad McMullan BL	13,166	-
Dr Shane McCarthy	15,259	12,874
Dr Patrick Devitt	13,017	-
Dr Laura Mannion	13,914	9,516
Dr Sharon Lambert	-	885
Uas Paul Murphy	15,259	2,406
Uas Dolores Courtney	-	-
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne	-	-
Uas Leah McCormack	-	-
Uas Paddy Richardson	15,857	5,612
Uas Ann Reade	15,110	2,489
Uas Kieran Kenny	14,362	8,882
Uas Andrew Brennan	-	-
Uas Noella Carroll (FARG)	849	250
IOMLÁN	137,786	42,914

*Áirítear íocaíochtaí Per Diem sa táille, nuair is infheidhme.

Ní bhfuair cúigear comhaltaí: an Dr Sharon Lambert, Uas Dolores Courtney, an tArd-Cheannfort Pádraig Dunne, Uas Leah McCormack agus Uas Andrew Brennan táille faoin bprionsabal Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin (OPOS).

In 2021, íocadh na táillí agus na costais seo a leanas le comhaltaí an Bhoird:-

Comhaltaí	Táille (€)	Costais (€)
Cathaoirleach Michael White	5,022	-
Uas Sinéad McMullan BL	4,659	-
Dr Shane McCarthy	4,659	1,399
Dr Patrick Devitt	4,659	-
Dr Laura Mannion	4,659	1,021
Dr Sharon Lambert	-	-
Uas Paul Murphy	4,659	-
Uas Dolores Courtney	-	-
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne	-	-
Uas Leah McCormack	-	-
Uas Paddy Richardson	4,659	258
Uas Ann Reade	4,659	549
Uas Kieran Kenny	4,659	694
IOMLÁN	42,294	3,921

Ní bhfuair cúigear comhaltaí: Uas Michael White (Cathaoirleach, comhalta ar scor den Ard-Chúirt ón 1 Deireadh Fómhair 2021), an Dr Sharon Lambert, Uas Dolores Courtney, an tArd-Cheannfort Pádraig Dunne agus Uas Leah McCormack táille faoin bprionsabal Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin (OPOS).

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

	2022	2021
Comhaltaí Boird - Taisteal Thar Lear	-	-
Baill Foirne - Taisteal Thar Lear	-	-
Comhaltaí Boird - Taisteal Intíre	42,914	3,921
Baill Foirne - Taisteal Intíre	13,737	-
IOMLÁN	56,651	3,921

Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais le linn na bliana dar críoch an 31ú Nollaig 2022 (2021: neamhní).

Tuarastal an POF

Faigheann an Príomhfheidhmeannach luach saothair bliantúil de réir scála Pá Príomhoifigigh (Ardghrád) RCPA arbh ionann é agus €97,617 (RPP) in 2022.

Thosaigh Uas Clairín de Buis ina ról mar Phríomhfheidhmeannach ar an 11ú Eanáir 2022.

Costais Chomhairleachta

Tabhaíodh caiteachas comhairleoireachta €15,217 sa bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2022 (2021: neamhní).

Aguisín 3:

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste AIRR

An Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais
Tuarascáil Bhliantúil Márta 2022 - Márta 2023

Ráiteas Chathaoirleach an Choiste AIRR

Is cúis áthais dom an chéad Thuarascáil Bhliantúil ó Choiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) an Bhoird Parúil a chur i láthair ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Choiste le linn na tréimhse 31ú Márta 2022 go dtí an 31ú Márta 2023.

Is cúis áthais dom an chéad Thuarascáil Bhliantúil ó Choiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) an Bhoird Parúil a chur i láthair ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Choiste le linn na tréimhse 31ú Márta 2022 go dtí an 31ú Márta 2023.

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile i seisiún rialta cúig huaire le linn 2022, trí huaire go dtí seo in 2023 agus tá cúig chruinniú eile beartaithe go dtí deireadh na bliana.

Chuir an tARCC iniúchadh i gcrích ar chuntais bhunaithe an Bhoird Parúil in 2021 agus tugadh aghaidh ar gach ceann dá moltaí, ar bhain a bhformhór le bunú an Bhoird, faoi Ráithe 1 de 2022 nó táthar ag tabhairt aghaidh orthu.

Tá áthas orm a thuairisciú, de réir thuairimí an Choiste seo, gur thug iniúchadh inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt dearbhú freisin go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord Parúil.

Ag breathnú chun cinn ar an gcuid eile de 2023 agus ar thús 2024, féachfaidh an Coiste chuige go gcuirfear i bhfeidhm na moltaí a d'eascair as iniúchadh an ARCC ar chuntais bhunaithe an Bhoird Parúil in 2021 chomh maith le moltaí Athbhreithniú Iniúchta Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt ar Rialuithe Inmheánacha 2022.

Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí Coiste as a gcuid oibre go dtí seo agus leis an POF agus le foireann na Rúnaíochta as a dtacaíocht leanúnach.



Dr Shane McCarthy
Cathaoirleach an Choiste AIRR
Bealtaine 2023

1. Ról an Choiste

Déanann an Bord Parúil athbhreithniú leanúnach ar threochtaí reatha agus ar dhea-chleachtas maidir le rialachas corparáideach. Mar chuid de phleananna an Bhoird chun a chuid oibleagáidí sa réimse sin a chomhlíonadh, bhunaigh sé Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) i Márta 2022 chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Athbhreithniú agus monatóireacht éifeachtach ar rioscaí airgeadais agus eile;
- Bainistíocht iontaofa agus tuairisciú airgeadais;
- Comhlíonadh dlíthe agus rialachán;
- Iniúchadh éifeachtach agus éifeachtúil a choinneáil;
- Go gcuirfí próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm.

Tuairiscíonn an Coiste AIRR don Bhord agus is é a phríomhchuspóir cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh trí chomhairle neamhspleách a chur ar fáil go pras don Bhord maidir le réimsí atá faoina shainchúram.

2. Freagrachtaí an Choiste AIRR

Gníomhaíonn an Coiste i gcáil chomhairleach. Is ar an mBord Parúil atá an fhreagracht iomlán as gnóthaí na heagraíochta.

Chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste AIRR imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a thagann faoi raon feidhme na gceannteideal seo a leanas. Tabharfar rochtain dó ar aon fhaisnéis a theastaíonn uaidh chun é sin a dhéanamh agus féadfaidh sé comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg má mheasann sé gur gá sin.

Féadfaidh an Coiste sainchomhairle ó shaineolaithe a fháil ar chostas réasúnach don Bhord Parúil, de réir mar is gá.

Tá achoimre ar fhreagrachtaí an Choiste leagtha amach anseo thíos:

2.1 Athbhreithniú agus monatóireacht éifeachtach ar rioscaí airgeadais

Bheith ar an eolas i gcónaí faoi na réimsí reatha riosca is mó agus féachaint chuige go bhfuil an fhoireann bainistíochta ag bainistiú an riosca go héifeachtach.

Deimhniú dó féin go mbunófar agus go gcoinneofar córais éifeachtacha chuntasaíochta agus rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear córais faisnéise ríomhairithe chun riosca a bhainistiú.

Deimhniú dó féin go bhfuil na córais rialaithe bhainistíochta slán agus stuama, lena n-áirítear athbhreithniú ar bheartais agus/nó cleachtais.

Féachaint chuige go bhfuil an Bord ar an eolas faoi aon ní a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go suntasach ar riocht airgeadais nó ar ghnóthaí an Bhoird Parúil.

2.2 Bain istíocht iontaofa agus tuairisciú airgeadais

Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an tuairiscithe bainistíochta don Bhord i dtaca le cainníocht, cáilíocht agus uainiú na faisnéise is gá chun na rioscaí, na hoibríochtaí agus an riocht airgeadais a thuiscint agus tuairisciú orthu go himheánach agus go seachtrach.

Athbhreithniú a dhéanamh ar na dréacht-ráitis airgeadais bhliantúla agus ar fhaisnéis airgeadais eile sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad, nuair is féidir.

2.3 Iniúchadh éifeachtach éifeachtúil a choinneáil

Moladh don Bhord go gceapfaí iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha de réir mar is gá.

Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha araon maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach.

Cinntiú nach bhfuil aon srianta nó teorainneacha gan údar curtha ar iniúcháirí.

Féachaint chuige go bhfuil raon feidhme an iniúchta (seachtrach agus inmheánach) leordhóthanach, agus a chinntiú go ndírítear ar réimsí a bhfuil an Coiste AIRR, lucht bainistíochta nó na hiniúcháirí den tuairim gur gá díriú orthu.

Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar pé gníomh a rinne an lucht bainistíochta agus pé amchlár a mhol siad mar fhreagairt ar na torthaí.

2.4 Dualgais a bhaineann le Rialachas agus Bainistíocht Riosca

Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar chórais éifeachtacha de rialachas chomhtháite a bhunú agus a choinneáil, agus ar bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach, ar fud ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta.

Forbróidh an Coiste ráiteas inghlacthachta riosca de réir na gcuspóirí straitéiseacha atá aige, lena fhaomhadh ag an mBord.

Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an phróisis chun riosca rialála, oibríochtúil agus airgeadais a shainaithint, agus measúnú tionchair agus tarluithe a dhéanamh air.

Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht iniúcháirí seachtracha agus seirbhísí eile a d'fhéadfadh an Bord a fháil.

Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe a oibríonn an bhainistíocht chun rioscaí rialála, oibríochtúla, airgeadais, clú agus eile a mhaolú.

Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtbheartais, de réir mar is ábhartha don Choiste, sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad.

Tuairisc a thabhairt don Bhord ar ábhair a bhaineann leis an bpróiseas chun measúnú riosca a dhéanamh agus gníomh/gníomhartha a bhainistiú chun riosca/rioscaí a mhaolú.

2.5 Freagrachtaí eile

Tuairisc a thabhairt ar aon ábhar a shainaithnítear le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh, a mheasann an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca agus Rialachais ar cheart aird an Bhoird a tharraingt air.

Aon chúram nó gníomh eile a údaróidh an Bord ó am go ham a dhéanamh nó tabhairt fúthu thar ceann an Bhoird.

A chinntiú go bhfuil socruithe ann trína bhféadfaidh baill foirne na heagraíochta agus comhaltaí an Bhoird, faoi rún, ábhar imní a chur in iúl faoi iompar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cúrsaí tuairiscithe airgeadais nó nithe ábhartha eile.

3. Ballraíocht an Choiste

Is é an Bord ar a bhfuil beirt chomhaltaí boird, an Dr Shane McCarthy (Cathaoirleach an Choiste), Uas Paddy Richardson agus comhalta seachtrach amháin, Uas Noella Carroll, a cheapann an Coiste.

Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach, agus baill ábhartha na Foirne Bainistíochta Sinsearaí leis na cruinnithe agus freastalaíonn siad orthu.

4. Chruinniú

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2022 agus dhá uair go dtí seo in 2023 (suas le 31ú Márta). Tá cúig chruinniú eile beartaithe don Choiste in 2023.

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste teacht le chéile gach dhá mhí nó tuairim is sé huaire sa bhliain. Beirt chomhaltaí den Choiste is córam don Choiste teacht le chéile.

Cuirtear miontuairiscí chruinnithe an Choiste AIRR ar fáil ag cruinnithe an Bhoird lena n-athbhreithniú agus lena bplé agus tarraingítear anuas míreanna ar díol suntais iad le hiad a phlé mar chuid de chlár oibre chruinniú an Bhoird.

5. Tuairiscíú

Achoimre ar obair an Choiste go dtí seo:

- Ceapadh comhalta seachtrach ar an gCoiste i mí na Bealtaine 2022.
- Rinne an Coiste athbhreithniú ar dhoiciméid Chorporáideacha lena n-áirítear an Clár Rioscaí, an Beartas Bainistíochta Riosca, an Beartas um Nochtadh Cosanta.
- Athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí agus mionphlé ar mhír riosca ardleibhéil amháin ag gach cruinniú ábhartha.
- Rinneadh pleanáil bhliantúil buiséid agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird é.
- Athbhreithniú leanúnach ar chaiteachas míosúil agus comparáid idir caiteachas iarbhrí seachas caiteachas buiséadaithe
- Comhaontaíodh teimpléid nua tuairiscithe airgeadais.
- Rinneadh monatóireacht ar ghníomhaíocht soláthair agus ceannaigh.
- Rinneadh athbhreithniú ar Dhréachtráitis Airgeadais 2022 sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird iomláin iad.

Torthaí an Choiste

- Tá an t-athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm leordhóthanach.
- Iniúchadh an ARCC ar chuntais bhunaithe an Bhoird Parúil in 2021 curtha i gcrích. Tá an Coiste sásta leis na torthaí. Bhain formhór na moltaí le bunú an Bhoird, tugadh aghaidh orthu faoi R1 de 2022 nó táthar ag tabhairt aghaidh orthu.
- Cuireadh iniúchadh inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt 2022 i gcrích agus tá dearbhú tugtha aige go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord Parúil. Tá an Coiste sásta leis na torthaí agus cuirfidh sé na moltaí i bhfeidhm.
- Cuireadh meastóireacht Luach ar Airgead ar chaiteachas suntasach (2022) i gcrích ar fheachtas faisnéise d'íospartaigh chun sástachta an Choiste.

Achoimre ar na príomhrioscaí don Bhord:

- Easpa córais bainistíochta cásanna chun obair an Bhoird Parúil a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtúil.
- Dúshlán a bhaineann le hacmhainní a sholáthar don Rúnaíocht agus comhaltaí Boird a earcú agus ualach cásanna.
- Tá sé dúshlánach aire a thabhairt d'fholláine ball foirne agus comhaltaí Boird, mar gheall ar nádúr obair an Bhoird.
- Tá dúshlán fós ag baint le híospartaigh a aithint toisc nach bhfuil aon chlár náisiúnta d'íospartaigh in Éirinn.

Leanfaidh an Coiste de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar na rioscaí sin agus cinnteoidh sé go bhfuil bearta maolaithe riosca leordhóthanacha i bhfeidhm d'fhonn na rioscaí a bhainistiú agus na scóir riosca a laghdú le himeacht ama, nuair is féidir, de réir mar a dhéantar dul chun cinn.

6. Obair atá beartaithe don chuid eile de 2023

- Cinntiú go gcuirtear torthaí thuarascáil Iniúchta an ARCC agus thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt i bhfeidhm.
- Bualadh le hAonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt gan foireann na Rúnaíochta a bheith i láthair
- Féinmheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Choiste AIRR
- Dréachtráiteas Inghlacthachta Riosca a fhorbairt le gur féidir leis an mBord é a phlé agus teacht ar chomhaontú ina leith
- Leanúint d'athbhreithniú géar a dhéanamh ar an gClár Rioscaí agus oibriú chun rioscaí ardleibhéal a mhaolú ach go háirithe
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid bheartais agus nós imeachta.

Aguisín 4: **Cuntais Bhunaithe an Bhoird Parúil 2021**

An Bord Parúil

RÁITIS AIRGEADAIS

31 Iúil 2021

(Dáta Bunaithe an Bhoird Parúil – i gcomhréir le hOrdú 405 den bhliain 2021 faoin Acht Parúil, 2019 (Tosach Feidhme))

go dtí

31 Nollaig 2021

Eolas Ginearálta	33
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird	34
Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha	38
Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	40
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	42
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	43
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	44
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	45

Eolas Ginearálta

Seoladh

Urlár na Talún
6/7 Sráid Hanover Thoir
Baile Átha Cliath 2
D02 W320

Comhaltaí Boird

An tUasal Michael White, Cathaoirleach
Sinéad mcMullan, Uasl, BL
An Dr Shane McCarthy
An Dr Patrick Devitt
An Dr Laura Mannion
An Dr Sharon Lambert
An tUasal Paul Murphy
Dolores Courtney, Uasal
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne
Leah McCormack, Uasal
An tUasal Paddy Richardson
Ann Read, Uasal
An tUasal Kieran Kenny

Príomhfheidhmeannach

Ciairín de Buis (Ceaptha ón 11/01/2022)
Brendan Eiffe (Eatramhach) – (21/06/2021
– 11/01/2022)

Uimhir Theileafóin

01 474 8767

Láithreán Gréasáin

www.gov.ie/paroleboard

Iniúchóirí

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF7

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird

Rialachas

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Bord Parúil i mí Iúil na bliana 2021. Measann an Bord Parúil iarratais ar pharúl ó phríosúnaigh a bhfuil pianbhreith saoil gearrtha orthu nuair atá 10.5 mbliana ar a laghad dá bpianbhreith curtha isteach acu. Mar sin féin, ní thabharfar parúl d'aon duine a bhfuil níos lú ná 12 bhliain de phianbhreith saoil déanta acu. Ina theannta sin, cinneann an Bord Parúil cibé an mbeadh riosca míchuí ag baint leis an iarratasóir ar pharúl, má scaoiltear saor é, i leith sábháilteacht agus slándáil daoine den phobal lena n-áirítear íospartaigh agus go bhfuil an t-iarratasóir ar pharúl athshlánaithe agus in ann imeascadh arís sa tsochaí.

Feidhmeanna an Bhoird Parúil

Leagtar amach feidhmeanna agus freagrachtaí an Bhoird Parúil san Acht Parúil, 2019. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Bord, tá:

- Iarratais ar pharúl
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamhíospartach
- Tuarascálacha ar na coistí reachtúla
- Tuarascálacha airgeadais
- Cúrsaí rialachais
- Bainistiú Riosca

Ceanglaítear ar an mBord faoi Alt 20 den Acht Parúil, 2019, gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair an Bord nó a chaith an Bord lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó, agus
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi Alt 20. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an Bord atá freagrach as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Is buanmhír do chruinnithe Bhoird é measúnú ar fheidhmiú an Bhoird trí thagairt a dhéanamh don bhuiséad. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go léirítear mar is cuí sna ráitis airgeadais feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird Parúil amhail an 31 Nollaig 2021.

Bainistiú

Is é an Príomhfheidhmeannach agus a foireann ardbhainistíochta a bhíonn ag bainistiú na foirne agus ag riar an Bhoird Parúil ó lá go lá. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bbord as feidhmiú na bhfeidhmeanna faoin Acht agus feidhmeanna eile den chineál sin a thabharfaidh an Bord.

Struchtúr an Bhoird

13 comhalta atá ar an mBord de bhun Alt 10 (3) den Acht. Bíonn na comhaltaí tofa ag fónamh ar an mBord ar feadh tréimhse 2 nó 4 bliana. Tháinig an Bord le chéile ceithre huair le linn na bliana 2021.

Comhaltaí	Dáta an Cheapacháin	An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
An tUasal Michael White	10 Lúnasa 2021	4
Sinéad McMullan, Uasal, BL	10 Lúnasa 2021	3
An Dr Shane McCarthy	10 Lúnasa 2021	4
An Dr Patrick Devitt	10 Lúnasa 2021	4
An Dr Laura Mannion	10 Lúnasa 2021	4
An Dr Sharon Lambert	10 Lúnasa 2021	4
An tUasal Paul Murphy	10 Lúnasa 2021	3
Dolores Courtney, Uasal	10 Lúnasa 2021	4
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne	10 Lúnasa 2021	4
Leah McCormack, Uasal	10 Lúnasa 2021	3
An tUasal Paddy Richardson	10 Lúnasa 2021	4
Ann Reade, Uasal	10 Lúnasa 2021	4
An tUasal Kieran Kenny	10 Lúnasa 2021	4

Íocadh na táillí agus costais seo a leanas le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2021:-

Comhaltaí	Táille (€)	Costais (€)
An tUasal Michael White	5,022	-
Sinéad McMullan, Uasal, BL	4,659	-
An Dr Shane McCarthy	4,659	1,399
An Dr Patrick Devitt	4,659	-
An Dr Laura Mannion	4,659	1,021
An Dr Sharon Lambert	-	-
An tUasal Paul Murphy	4,659	-
Dolores Courtney, Uasal	-	-
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne	-	-
Leah McCormack, Uasal	-	-
An tUasal Paddy Richardson	4,659	258
Ann Reade, Uasal	4,659	549
An tUasal Kieran Kenny	4,659	694
IOMLÁN	42,294	3,921

Cúigear comhaltaí: Ní bhfuair an tUasal Michael White (Cathaoirleach, comhalta ar scor ón Ard-Chúirt amhail an 1 Deireadh Fómhair 2021), an Dr. Sharon Lambert, Dolores Courtney, Uasal, An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne agus Leah McCormack, Uasal, táille de réir an phrionsabail Aon Tuarastal Amháin d'Aon Duine Amháin.

Nochtadh a Éilítear faoi Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

An Bord atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Bord Parúil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí a leanas faoin gCód:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Catagóirítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ón Dáta Bunaithe (an 31 Iúil 2021) go dtí an 31 Nollaig 2021 sa bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Raon de shochair iomlána na bhfostaithe

Ó	Go dtí	
€60,000	€69,999	Líon na bhFostaithe 2021
€70,000	€79,999	-
€80,000	€89,999	-
€90,000	€99,999	-
IOMLÁN	-	-

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

Costais Chomhairleoireachta

Níor tabhaíodh aon chaiteachas comhairleoireachta sa tréimhse tuairiscithe.

Costais Dí

Ní raibh aon chaiteachas ann sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh agus eadrána i ndáil le conarthaí le tríú páirtithe.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2021 (€)
Comhaltaí Boird – Taisteal Thar Lear	-
Comhaltaí Foirne – Taisteal Thar Lear	-
Comhaltaí Boird – Taisteal Baile	3,921
Comhaltaí Foirne – Taisteal Baile	-
IOMLÁN	3,921

Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais le linn na bliana.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (mí Lúnasa 2016). I ndiaidh bhliain bhunaithe an Bhoird, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun cloí le riachtanais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Chloígh an Bord Parúil leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú amhail an 31 Nollaig 2021 cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

1. Bhunaigh an Bord Coiste Rialachais, Riosca, Iniúchta agus Airgeadais i mí Márta na bliana 2022 agus reáchtáil an Coiste sin a chéad chruinniú ar an 31 Márta 2022.
2. Níl feidhm Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ag an mBord go fóill. Tá sé i gceist ag an mBord an fheidhm seo a bhunú sa bhliain 2023.
3. Tá Pleananna Bliantúla agus Straitéiseacha á dtabhairt chun críche faoi láthair.
4. Síníodh Comhaontú Rialachais agus Maoirseachta idir an Bord Parúil agus an Roinn Dlí agus Cirt ar an 7 Aibreán 2022.
5. Síníodh Comhaontú Soláthair Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt ar an 7 Aibreán 2022.
6. Ní dhearna an Bord féin-athbhreithniú bliantúil sa bhliain 2021. Tá an féin-athbhreithniú beartaithe don bhliain 2022 nó tús na bliana 2023.

Thar ceann an Bhoird Parúil



Mr Michael White,
Chairperson



Ms Ciairín de Buis,
Príomhfheidhmeannach

Date: 1 Nollaig 2022

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha

Scóip na Freagrachta

Bunaíodh an Bord Parúil le héifeacht ón 31 Iúil 2021 i gcomhréir leis an Acht Parúil, 2019. Thar ceann an Bhoird Parúil, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Tugtar san áireamh leis an bhfreagracht sin na coinníollacha faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas é a chur ar neamhní ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Tá an Bord sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige, réasúnach agus cuí ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál a chuid oibríochtaí. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh an Bord Parúil le héifeacht ón 31 Iúil 2021.

Ó bunaíodh an Bord Parúil, baineann sé leas as seirbhísí gníomhaireachta íocaíochtaí ó Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt. Rinne an fhoireann bainistithe athbhreithniú ar gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann leis an mBord Parúil agus cheadaigh an fhoireann na hidirbhearta sin agus chuir siad iad ar aghaidh chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun na híocaíochtaí a phróiseáil agus cothabháil a dhéanamh ar mhórleabhar cuntasáíochta.

San Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla próiseáladh párolla thar ceann an Bhoird Parúil don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2021.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Baineann an Bord Parúil leas as seirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil. Tá comhaontú do sholáthar na seirbhísí maidir leis an tseirbhís agus socruithe TFC i bhfeidhm chun cóip chúltaca a dhéanamh de chórais an Bhoird Parúil.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas an Bhoird Parúil um Rialú Inmheánach bunaithe ar chreat eolais bainistithe rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear na nithe seo a leanas go háirithe:

- Córas buiséadaithe iomchuí agus buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú orthu go rialta.
- Athbhreithnuithe rialta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsíúla déanta ag an lucht ardbhainistíochta.
- Córas bainistithe riosca atá oiriúnach don fheidhm atá leis.
- Freagrachtaí bainistithe atá sannta go soiléir agus cuntasacht chomhfhreagrach.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Parúil lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaitnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Bhoird agus rinneadh iad a shainaitint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an lucht Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a uasdátú. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar an chontúirt ó gach réimse baoil a mhaolú go dtí gur féidir a sheasamh.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá beartas bainistithe riosca i bhfeidhm ag an mBord Parúil, ar beartas é ina sainaitnítear na rioscaí, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus monatóireachta.

Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go tráthrialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus pleananna. Feidhmíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin laistigh den údarás amháin atá tarmligthe ag an mBord nó de bhun na bhfeidhmeanna sin faoin Acht d'fhonn beartais agus cinntí an Bhoird a thabhairt i gcrích. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaitníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le ceannach earraí agus seirbhísí, ceadú sonrasc maidir leis na hearraí agus seirbhísí sin agus ceadú íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí agus seirbhísí sin.
- Déanann an Príomhfheidhmeannach agus a foireann ardbhainistíochta athbhreithnithe go tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Parúil d'fhonn a chinntiú go sásaítear na rialacha agus na treoirínte reatha maidir le gnóthaí soláthair agus go ndearna an Bord de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2021.


Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaitníodh aon laigí sa bhliain 2021 maidir le rialuithe inmheánacha ar laigí iad ar gá nochtadh a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh.

Ní dhearnadh aon athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha don thréimhse an 31 Nollaig 2021. Tá sé i gceist ag an mBord athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha sa bhliain 2022 nó ag tús na bliana 2023.



An tUasal Michael White,
Cathaoirleach
01/12/2022
Thar ceann an Bhoird Parúil

Certificate of the Comptroller and Auditor General



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

An Bord Parúil

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Tá na ráitis airgeadais an Bhoird Parúil iniúchta agam don tréimhse dár chríoch 31 Nollaig 2021 de réir mar is gá faoi shocruithe ailt 20(2) den Acht Parúil 2019. Sna ráitis airgeadais, tá

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí ábhartha, achoimre ar pholasaithe cuntasáíochta tábhachtacha san áireamh.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Parúil ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachais don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Parúil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim.

Tuarascáil ar ábhair seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Parúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialaithe agus tuarascáil an bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Nollaig 2022

**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
Don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Leagann an ráiteas rialachais amach freagrachtaí chomhaltai an Bhoird. Tá na freagrachtaí seo a leanas ag an mBord

- ráitis airgeadais bhliantúla an Bhoird Parúil a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 20 (1) den Acht Parúil 2019
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasáiocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaiois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 20 (2) agus (3) den Acht Parúil 2019 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Parúil agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-ionlán saor ó mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaiois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaiois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhírítis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaioise nó earráide a aithint agus a mheas; dearaim agus comhlíonaim nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábhartha a thagann ó chalaiois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaiois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh atá cuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe bainteacha.

- Cinnim maidir le hoiúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasáiocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Bhoird Parúil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, murar leor na nochtuithe sin, chun mo thuairim a athrú.
- Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhchaí, áfach, a stopfadh an Bord Parúil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach mar thoradh orthu.

Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh léiriú cothrom amach. Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach rialachais maidir le, i measc nithe eile, an scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a d'fhéadfainn a aithint le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an t-eolas go léir nó na mínithe riachtanacha faighte agam do m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasáiochta dóthanach chun na ráitis a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasáiochta.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile, éilítear orm an fhírisc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na comaoineacha speisialta atá ceangailte le comhlachtaí an stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise faoi rialtacht idirbheart airgeadais a fháil le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gríoch a bhí beartaithe nó nár chlóg na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe


Don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 (€)
Ioncam		
Deontas	2	219,225
Ioncam Iomlán		219,225
Caiteachas		
Costais Bhoird	3	46,215
Costais Foirne	4	157,281
Costais Ghinearálta	5	49,581
Dímheas	6	756
Caiteachas Iomlán		253,833
Easnamh don tréimhse roimh leithreasuithe		(34,608)
Aistriú chuig an gcuntas caipitil	9	(14,230)
Easnamh don tréimhse i ndiaidh leithreasuithe		(48,838)
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		(48,838)

Áirítear sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus cailteanais ar fad a aithníodh le linn na tréimhse.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 14.

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael White,
Cathaoirleach
Date: 01/12/2022



Ms Ciairín de Buis, Uasal
Príomhfheidhmeannach
Date: 01/12/2022

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 (€)
Sócmhainní Seasta		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	6	14,230
		14,230
Sócmhainní reatha		
Infháltais	7	-
		-
Dlíteanais Reatha		
Méideanna Dílte Laistigh de Bhliain Amháin		
Suimeanna iníoctha agus fabhraithe	8	(48,838)
		(48,838)
Glandlíteanais Reatha		(48,838)
Iomlán na Sócmhainní lúide dlíteanais reatha		(34,608)
Glansócmhainní		(34,608)
Cúlchistí		
Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas		(48,838)
Cuntas Caipitil	9	14,230
		(34,608)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 14.

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael White,
Cathaoirleach
Date: 01/12/2022



Ms Ciairín de Buis, Uasal
Príomhfheidhmeannach
Date: 01/12/2022

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

Don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 (€)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Easnamh don tréimhse		(34,608)
Muirear dímheasa	6	756
(Méadú) / Laghdú ar Infháltais		-
Méadú ar shuimeanna iníochta		48,838
Cailtanas / (Gnóthachan) ar shócmhainní seasta a dhiúscairt		-
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		14,986
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
An méid a leithdháileadh chun breiseanna sócmhainní a mhaoiniú		
	9	(14,986)
Diúscairt sócmhainní		-
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(14,986)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		-
Méadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim		-
Airgead sa bhanc amhail an 31 Nollaig		-

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Michael White,
Cathaoirleach
Date: 01/12/2022



Ms Ciairín de Buis, Uasal
Príomhfheidhmeannach
Date: 01/12/2022

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac an Bord Parúil. Cuireadh iad sin ar fad i bhfeidhm go seasta le linn na tréimhse.

a) Ginearálta

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Bord Parúil ar an 31 Iúil 2021 faoi Alt 8 den Acht Parúil, 2019. Tá an cheannoifig lonnaithe ag 6/7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Bhoird mar a shonraítear san Acht :

- Iarratais ar pharúl
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh íospartach
- Eolas a chur ar fáil do dhaoine atá ag cur isteach pianbhreitheanna príosúnachta, d'íospartaigh agus do dhaoine den phobal maidir le feidhmeanna an Bhoird,
- Eolas a chur ar fáil don Aire maidir le feidhmeanna an Bhoird agus moltaí a thabhairt don Aire, ar a iarratas nó a hiarratas, chun cuidiú leis nó léi beartais a chomhordú agus cheapadh maidir le scaoileadh saor príosúnach agus a lígean amach ar parúl, agus
- Is féidir leis an mBord tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le scaoileadh saor príosúnach agus iad a lígean amach ar parúl a dhéanamh, a choimisiúnú nó cabhrú leo agus d'fhéadfadh sé sin i dtuairim an Bhoird cuidiú le feidhmiú fheidhmeanna an Bhoird agus moltaí a thabhairt don Aire a thagann chun cinn as na tionscadail nó gníomhaíochtaí sin.

b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Parúil don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais a bhfuil feidhm leis san RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) sa RA.

c) Bonn Ulmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhráithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costas bunaidh san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus atá aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mhodh fabhráithe na cuntasaíochta agus faoin Alt 20 den Acht Parúil, 2019.

Chinn an Bord nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Bhoird Parúil freastal dá dhliteanas de réir mar a bheidh siad dlite agus mar a leanann siad ar aghaidh mar ghnóthas leantach. D'aithin an Bord Parúil go raibh easnamh ann sa bhliain 2021. Mar sin féin i bhfianaise na tacaíochta leanúnaí trí mhaoiniú deontais a fháil ón Roinn Dlí agus Cirt, bhí ionchas réasúnta ag an mBord go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an mBord Parúil sna blianta beaga atá amach romhainn. Ar an mbonn sin measann an Bord é a bheith oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha ná rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an Bord Parúil in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ó thaobh plé le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Bhoird Parúil.

d) Ioncam

Aithnítear ioncam deontais ar bhonn airgead tirim sna ráitis airgeadais agus léiríonn sé sin maoiniú deontais a cuireadh ar fáil don Bhoird Parúil trí Vóta 24, An Roinn Dlí agus Cirt.

Meaitseálann ioncam deontais an Oireachtais agus ioncam a cuireadh i bhfeidhm maidir le caiteachas caipitil an tsuim a chuirtear in aghaidh chuntais leithreasa na Roinne.

e) Caiteachas

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt próiseáil ar chaiteachas ar fad lena n-áirítear párolla agus taifeadtar ar bhonn fabhráithe é sna ráitis airgeadais.

f) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag an gcostas bunaidh atá acu lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas ar bhonn na líne dírí ag na rátaí atá leagtha amach thíos chun na sócmhainní atá coigeartaithe don luach iarmharach a dhíscríobh in aghaidh a saolré fóna measta mar seo a leanas:

Trealamh TF	Líne Dhíreach thar 3 bliana
Trealamh Oifige	Líne Dhíreach thar 5 bliana
Troscán agus Feistis	Líne Dhíreach thar 10 mbliana
Feabhsúcháin Léasachta	Líne Dhíreach thar 8 mbliana

Meastar gach bliain luach iarmharach agus saolré fhóna na sócmhainní seasta chun comharthaí a fháil le fáil amach an bhfuil athrú tagtha orthu sin. Sa chás go bhfuil comharthaí mar sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, modhanna dímheasa agus saolré fhóna agus déanfar iad sin a leasú más gá. Cuirtear athruithe sna rátaí dímheasa a tháinig chun cinn san athbhreithniú seo san áireamh go hionchasach thar na saolréanna fóna atá fanta ag na sócmhainní.

g) Cuntas Caipitil

Is ionann iarmhéid an chuntais caipitil agus luach amúchta na gcistí a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

h) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, amhail saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníochta' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Is státseirbhísigh iad fostaithe an Bhoird Parúil agus íocfar dlíteanas pinsin leo as vóta aoisliúntais atá á bhainistiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais thar na socrúithe caighdeánacha do státseirbhísigh.

Rinneadh dlí d'Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus leis sin tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Beidh gach ball foirne nua den Bhord Parúil, atá ag obair san Earnáil Phoiblí den chéad uair, ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina chomhalta ar an Scéim Aonair. Níl aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dlíteanas a d'fhéadfadh eascairt as sochair scoir an Bhoird Parúil.

i) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Parúil ábalta na suimeanna ar fad atá dlíte dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

j) Suimeanna Iníochta

Déantar creidiúnaithe trádála a thomhas ag praghas sonraisc sa chás go n-iarchuirtear íocaíocht thar na gnáth-théarmaí gnó nó sa chás go maoinítear é ag ráta úis nach ráta margaidh é. Sa chás sin is idirbheart airgeadais é an socrú agus déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ar luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá lascainithe ag ráta úis margaidh d'ionstraim chomhchosúil fiachais.

k) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

2. Ioncam Deontais

2021 (€)

An Roinn Dlí agus Cirt (Vóta 24 Fo-Cheannlíne A 17)

219,225

219,225

Is éard atá i suim dheontais ón Oireachtas ná an tsuim €215,616 a gearradh ar Fho-Cheannlíne A 17 sa bhliain 2021 agus líon muirear agus fáltas ilchineálach atá ar méid €3,609 agus atá curtha san áireamh i bhfo-cheannlínte eile a bhaineann leis an mBord.

3. Costais Bhoird

2021 (€)

Táille an Chathaoirligh

5,022

Táille chomhaltaí an bhoird

37,272

Taisteal agus Cothabháil

3,921

46,215

4. Costais Foirne

2021 (€)

Tuarastail agus Pánna (Ranníocaíocht an Fhostóra do ÁSPC san áireamh)

157,281

157,281

12 ball foirne buana coibhéis lánaimseartha a d'fhostaigh an Bord Parúil amhail an 31 Nollaig 2021.

Baineadh amach Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (RBA) i gcomhréir le ceanglais reachtúla. Baineadh amach €3,609 RBA sa bhliain 2021 agus choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt iad.

D'íoc an Roinn Dlí agus Cirt thar ceann an Bhoird Parúil €81,310 de thuarastail sa bhliain 2021. Áirítear orthu sin tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh. Gearrfar na tuarastail uile ar an mBord Parúil ón mbliain 2022.

5. Costais Ghinearálta

	2021 (€)
Teileafón	3,099
Priontáil, postas, stáiseanóireacht agus stóras	1,260
Comhairleoireacht	448
Costais trealamh TF	1,163
Tacaíocht theicniúil TF	14,400
Fógraíocht agus Foilseacháin	3,028
Iníúchadh	8,500
Cuntasaíocht	14,004
Cruinnithe agus comhdhálacha	2,790
Cumarsáid agus na meáin chumarsáide	889
	49,581

6. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh Oifige	Trealamh TF	Iomlán
	€	€	€
Costas			
Suimeanna Breise	5,840	9,146	14,986
Amhail an 31 Nollaig 2021	5,840	9,146	14,986
Dímheas			
Muirear don tréimhse	195	561	756
Amhail an 31 Nollaig 2021	195	561	756
Glanluach de réir na Leabhar			
Amhail an 31 Nollaig 2021	5,645	8,585	14,230

7. Infháltais

Ní raibh aon infháltais i gceist amhail an 31 Nollaig 2021.

8. Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

	2021 (€)
Fabhruithe	48,838
	48,838

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha.

9. Cuntas Caipitil

	2021 (€)
Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a fháil	14,986
Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní a fhorbairt	-
An tsuim atá amúchta i gcomhréir le dímheas sócmhainní	(756)
An tsuim a scaoileadh ón / (chuig) an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas	14,230
Amhail an 31 Nollaig	14,230

I gcomhréir le beartas cuntasáíochta, aithnítear deontais Rialtais bunaithe ar fháltais iarbhír. Aithnítear thar shaolré fhónta na sócmhainní an ghné sin a bhaineann leis na deontais sin a úsáidtear chun sócmhainní inláimhsithe a cheannach agus chun sócmhainní a fhorbairt. Níl aon choinníollacha nó teagmhais neamhchomhlíonta ann a bhaineann leis na deontais sin.

10. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa Bhord Parúil comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird agus an Príomhoifigeach Feidmiúcháin Eatramhach. Ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus €46,215. D'íoc an Roinn Dlí agus Cirt tuarastal an Phríomhoifigigh Feidmiúcháin Eatramhaigh agus €45,644 a bhí san iomlán.

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhaltaí Boird ag nochtadh leasa agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse. Níor tharla aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhalta Boird.

11. Lóistín

Feidhmíonn an Bord Parúil ar 6/7 Sráid Hanover Thoir, Baile Átha Cliath 2, D02 W320.

12. Tiomantais Chaipitil

Ní raibh aon tiomantais chaipitil i gceist ag deireadh na bliana.

13. Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe

Níl aon eachtraí ann idir dáta tuairiscithe na ráitis airgeadais agus an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo le heisiúint a dteastaíonn coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais dá mbarr.

14. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ag an gcruinniú a bhí acu ar an 1 Nollaig 2022.



An Bord Parúil
The Parole Board